C/2026/193

5.1.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/193)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Haricot tarbais’

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0080-AM01 — 10.10.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Haricot tarbais’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Níl i gceist leis an iarratas ar leasú ar ATFC ‘Haricot Tarbais’ aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint / an táisc gheografaigh faoi chosaint i gceist leis;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

Ainm an táirge

Tuairisc

Scriosadh an fhormáid maidir le cur i láthair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Tuairisc ar an táirge

Tuairisc

Tuairisc luibheolaíoch ar an gcineál

Soiléiríodh an tuairisc ar an gcineál. Rinneadh an tuairisceoir ‘déanach’ agus méid/cruth na nduillíní a scriosadh. Cuireadh isteach an speiceas (*Phaesolus vulgaris*) agus an cineál pónaire (pónaire dhreaptha).

Tuairisc ar an táirge úr

Cuireadh tairseach iosta trí ghrán isteach in aghaidh na faighneoige le haghaidh 90 % ar a laghad de gach baisc.

Cuireadh fad íosta (10 cm) in ionad an raoin le haghaidh an fhaid (15 go 20 cm).

Cuireadh an focal ‘éadrom’ isteach chun tuairisc a thabhairt ar an dath glas.

Scriosadh an tuairisc ar na ceanglais maidir le cuma, cáilíocht, caomhnú agus cur i láthair.

Tuairisc ar an táirge triomaithe

Athraíodh dath an ghráin ó bhán glan neamhlonrach go ‘idir bán agus dath an uachtair’.

Athraíodh an tuairisc ar an gcruth mar ‘beagnach duánach/cothrom’ go ‘duánach’ (ar dhéanamh duáin).

Scriosadh an tuairisc ar an híleam.

Cuireadh fad íosta 1,5 cm le haghaidh 90 % ar a laghad de ghráinní i ngach baisc in ionad na méide a thugtar mar 2 cm.

Scriosadh an cion uasta taise 17 % toisc gur ábhar rialála é sin.

Cuireadh tuairisc isteach maidir le huigeacht an chraicinn sheang.

Cuireadh tuairisc isteach maidir leis na ceanglais a bhaineann le cuma, cáilíocht agus cur i láthair. Go sonrach, ní ceadmhach níos mó ná 6 % de mheáchan pacáiste a bheith ina ngráinní seargtha nó briste.

Cur i láthair lena ndíol: leagadh amach rialacha maidir le pacáistíocht.

— Úr: pacáistíocht nach féidir baint di, agus nach bhfuil neamhscagach ó thaobh an aeir de, chun coipeadh a chosc.

— Triomaithe: pacáistíocht atá heirméiteach agus nach féidir baint di; tá toirmeasc ar líonta.

— Domhainreoite: pacáistíocht atá heirméiteach agus nach féidir baint di.

I bhfianaise na bhforálacha dlíthiúla Eorpacha a bhain le TGFC a úsáid in ainm earra bia a úsáideann an táirge TGFC sin mar chomhábhar, baineadh mionsonraí maidir le cur i láthair na bpónairí nuair a chócaráiltear iad agus an tuairisc ar na próisis caomhnaithe le haghaidh na bpónairí cócaráilte.

Bogadh an tuairisc ar an bpróiseas domhainreoite chuig an roinn maidir leis an modh táirgthe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Tuairisc

Níor athraíodh an limistéar geografach. Rinneadh liosta na mbardas, na gcantún comharsanach agus na gceantar a luaitear sa tsonraíocht táirge atá i bhfeidhm a thabhairt i gcomhréir le liosta na hInstitiúide Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) i leagan 2025 den Chód Geografach Oifigiúil.

Liostaíodh na céimeanna a tharlaíonn sa limistéar geografach. Anois, cuireadh céim bhreise leis an roinn maidir leis an limistéar geografach: iolrú síolta. Is éard atá beartaithe na síolta a tháirgeadh i ndálaí aeráide atá comhchosúil le dálaí aeráide an limistéir, rud a ligfidh do na gráinní oiriúnú ar bhealach níos éifeachtaí don chomhshaol.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge

Tuairisc

Rinneadh athbhreithniú ar inrianaitheacht agus tugadh í i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i gceanglais táirgthe na sonraíochta táirge agus sna leasuithe uirthi.

Soiléiríodh an saolré dá réir sin.

Cuireadh isteach na dearbhuithe seo a leanas: dearbhú aitheantais; dearbhú intinne gan táirgeadh a dhéanamh nó dearbhú neamhghníomhaíochta; agus dearbhú bliantúil na gcainníochtaí a mhaítear.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Modh táirgthe

Tuairisc

Teicnící saothraithe

Rogha dáileachtaí talún

Bunaíodh uasteorainn 700 méadar maidir le hairde, ar chúiseanna a bhaineann leis an aeráid.

Cuireadh tagairt don mhinicíocht leis an anailís chun leibhéil cré, sioltaí iomlána, ábhair orgánaigh agus pH a thomhas.

Rogha cineálacha:

Sonraíodh go bhfuil na síolta cláraithe ar liostaí oifigiúla na speiceas agus na gcineálacha Francacha nó Eorpacha agus go gcomhlíonann siad na coinníollacha táirgthe le haghaidh TGFC 'Haricot Tarbais', ó dháileacht talún a roghnú go stóráil sula gcuirtear ar an margadh iad.

Síolú

Cuireadh dálaí teochta is fearr le haghaidh teacht chun cinn in ionad na ndátaí le haghaidh síolaithe.

Athraíodh an dlús uasta go 35 000 planda/ha tar éis teacht chun cinn, gan beann ar an gcineál taca, agus sonraíodh an spásáil íosta chun forbairt éadrom agus mhaith plandaí a áirithiú.

Tacaíocht: cuireadh síneadh leis an tréimhse chun tacaí a chur isteach ó mhí amháin go 45 lá, i gcomhréir le síneadh a chur leis an tréimhse síolaithe agus chun balcadh ithreach a theorannú le linn tréimhsí báistí.

Leasú: méadaíodh forlíontaí níotráite ó 20 go 40 aonad breise, ag brath ar an gcineál taca. Cuireadh ceanglas isteach maidir le húsáid forlíontaí a roinnt. Scriosadh tairseacha molta le haghaidh mianraí maidir le cothromaíocht ithreach agus riachtanais plandaí.

Cóireáil sláinte plandaí: tugadh isteach uainíocht barr. Scriosadh an fhoráil a bhain le húsáid táirgí ar an liosta a tarraingíodh suas i gcomhar leis an tSeirbhís Réigiúnach um Chosaint Plandaí (SRPV), toisc gur ábhar rialála é sin.

Uisciú: áirítear i mbainistiú an uiscithe an oibleagáid chun an méid uisce a úsáidtear a theorannú agus chun an t-uisce sin a úsáid ina ndáileoga ar leithligh.

Buaint: ceadaítear buaint mheicnithe le haghaidh pónairí triomaithe. Scriosadh an tagairt d'aibíocht a mheas de réir datha. Sonraítear anois go bhformheastar gach baisc i gcomhréir leis na saintréithe a leagtar síos i mír 2.

Stóráil agus triomú

Tá na coinníollacha a ghabhann le stóráil na bpónairí sonraithe ar bhealach níos soiléire anois: ní cheadaítear stóráil ar an talamh; ní mór an stóráil a dhéanamh in ionad foscúil nó i bhfoirgnimh a bhfuil díon orthu. Is féidir an triomú a dhéanamh de láimh nó go meicniúil. Leagadh amach modh an triomaithe mheicnithe: sonraíodh an fhoinse fuinnimh a úsáidtear agus an cion taise.

Scriosadh mionsonraí maidir le modhanna buailte (slata nó meicnithe), mar aon leis an tagairt don rogha maidir le triomú.

Sórtáil (agus triomú roghnach)

Cuireadh isteach an rogha maidir le triomú (de láimh nó go meicniúil). Dá bhrí sin, leasaíodh teideal na roinne sin le go léitear mar a leanas é 'Sórtáil (agus triomú roghnach)'.

Cuireadh isteach an teocht le haghaidh triomú meicnithe. Ní mór foinse fuinnimh seachas ola bhreosla a úsáid, agus ní mór teirmeastat a bheith ann ionas gur féidir an teocht le linn an triomaithe a choinneáil ag 30 °C ar a mhéad.

Cuireadh ceanglas isteach maidir le gach baisc a bheith formheasta i gcomhréir leis na saintréithe fisiceacha a leagtar síos i mír 2.2.

Scriosadh na forálacha rialála seo a leanas: 'Ní mór don chomhlacht deimhniúcháin seideanna próiseála a fhormheas. Ní mór dóibh na ceanglais reachtacha atá i bhfeidhm a chomhlíonadh. Léiríonn gach baisc buaint táirgeora amháin ó dháileacht talún amháin'.

Cóireáil in aghaidh gobachán

Scriosadh an mionsonra rialála seo a leanas: 'i seid próiseála arna formheas ag an gcomhlacht deimhniúcháin'.

Cuireadh isteach modh nua chun fáil réitithe le gobacháin: anocsacht.

Tugadh an tuairisc ar chóireáil teasa cothrom le dáta chun deireadh a chur go héifeachtach le gobacháin (teocht, fad, etc.).

Pacáistíocht

Cuireadh isteach ceannteideal nua chun a shonrú conas a chuirtear an táirge i láthair lena dhíol.

Domhainreo

Cuireadh tuairisc isteach ina leagtar amach rialacha maidir leis an gcleachtas sin: fad, teocht le linn na gcéimeanna éagsúla den ath-hiodráitiú, den draenáil, den mhodh reoite tapa ar leithligh, den stóráil, etc.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Fianaise ar an nasc leis an tionscnamh geografach

Tuairisc

Cuireadh abairt isteach mar réamhrá a ghabhann leis an nasc. Tá an nasc leis an limistéar geografach bunaithe ar cháil agus ar shaintréithe sonracha 'Haricot Tarbais'. Ina measc sin, áirítear seinge an chraicinn agus dath na ngráinní a thagann as tosca nádúrtha agus daonna atá ann sa limistéar geografach.

Tosca nádúrtha

Scriosadh dúbláil.

Scriosadh an tábla inar leagadh amach sprioclúachanna a bhaineann le critéir ithreach, ach coinníodh an tuairisc ar an ithir.

Scriosadh an tuairisc ar uisciú ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an leasú ar an modh táirgthe (bainistiú an chleachtais).

Tosca daonna

Scriosadh iarlimistéir, méideanna táirgeachta, corrlaigh agus liosta cantún.

Athdhearbhaíodh sainiúlacht an táirge:

— dath idir bán agus dath an uachtair sna gráinní;

— cuma dhuánach;

— uigeacht de chraiceann seang.

Nasc cúisíoch

Rinneadh an nasc idir sainiúlacht an táirge agus an aeráid agus an ithir a mhíniú ar bhealach níos mionsonraithe.

Scriosadh an méid seo a leanas: seansonraí maidir le bealaí margaíochta agus onnmhairiúcháin; staidéar ina ndéantar comparáid le pónairí leathana eile; agus saintréith orgánaileipteach na leáite tar éis na cócaireachta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Haricot tarbais'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0080-AM01 — 10.10.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Haricot tarbais'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

2005 99 - Eile

0713 33 - Pónairí duánacha, lena n-áirítear pónairí pise bána (*Phaseolus vulgaris*)

0708 20 - Pónairí (*Vigna spp., Phaseolus spp.*)

2004 90 - Glasraí eile agus meascáin glasraí

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is pónaire bhán é 'Haricot Tarbais' a fhaightear ó phónaire dhreaptha den speiceas *Phaesolus Vulgaris*. Is féidir é a dhíol:

— úr, ina fhaighneog, i gcás inar faighneoga 10 cm ar a laghad iad 90 % ar a laghad den bhaisc ina mbíonn trí ghráin ar a laghad, a mbíonn dath glas scothbhuí éadrom orthu, agus dath vialait breactha go héadrom orthu uaireanta agus iad aibí, agus nuair a ghearrtar iad bíonn cruth idir cothrom agus éilipseach ar a thrasghearradh agus bíonn sé roctha le snáithíní crua;

— triomaithe, i gcás 90 % de na gráinní a bhíonn i mbaisc a bheith 1,5 cm, ar a laghad agus dath orthu idir bán agus dath an uachtair, a bhíonn duánach, agus ina mbíonn cion íosta taise 12 %.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar 'Haricot Tarbais' a iolrú, a shaothrú, a bhuaint, a thriomú agus a shórtáil sa limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Cuirtear 'Haricot Tarbais' úr ar an margadh i bpacáistíocht, lena ngabhann séala nach féidir baint dó, ar pacáistíocht í lenar féidir an táirge a aerú, chun fadhbanna maidir le coipeadh a sheachaint.

Sula ndíoltar leis an tomhaltóir deiridh é, cuirtear 'Haricot Tarbais' triomaithe ar an margadh i bpacáistíocht atá séalaithe go heirméiteach, lena ngabhann séala nach féidir baint dó. Tá toirmeasc ar phacáistiú i líonta.

Déantar 'Haricot Tarbais' domhainreoite a phacáistiú i bpacáistíocht atá séalaithe go heirméiteach, agus lena ngabhann séala nach féidir baint dó.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Déantar 'Haricot Tarbais' a iolrú, a shaothrú, a bhuaint, a thriomú agus a shórtáil i limistéar geografach an TGFC, lena gcuimsítear críoch na mbardas seo a leanas atá bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2025.

— Roinn Haute-Garonne (40 bardas):

Ausson, Balesta, Blajan, Bordes-de-Rivière, Boudrac, Boulogne-sur-Gesse, Cardeilhac, Castéra-Vignoles, Cazaril-Tambourès, Charlas, Ciadoux, Clarac, Cuguron, (Le)Cuing, Escanecrabe, Franquevielle, Gensac-de-Boulogne, Larroque, Lécussan, Lespugue, Loudet, Mondilhan, Montgaillard-sur-Save, Montmaurin, Montréjeau, Nénigan, Nizan-Gesse, Péguilhan, Ponlat-Taillebourg, Saint-Ferréol-de-Comminges, Saint-Lary-Boujean, Saint-Loup-en-Comminges, Saint-Pé-Delbosc, Saint-Plancard, Saman, Sarrecave, Sarremezan, Sédeilhac, (Les)Tourreilles agus Villeneuve-Lécussan.

— Roinn Gers (116 bhardas):

Arblade-le-Bas, Armentieux, Arrouède, Aujan-Mournède, Aurensan, Aussos, Aux-Aussat, Barcelonne-du-Gers, Barcugnan, Bazugues, Beaumarchés, Beccas, Bellegarde, Belloc-Saint-Clamens, Berdoues, Bernède, Betplan, Bézues-Bajon, Blousson-Sérian, Cahuzac-sur-Adour, Cap-d'Astarac, Castex, Caumont, Cazaux-Villecomtal, Chélan, Clermont-Pouyguillès, Corneillan, Couloumé-Mondebat, Cuélas, Duffort, Esclassan-Labastide, Estampes, Galiax, Gée-Rivière, Goux, Haget, Idrac-Respaillès, Izotges, Jû-Belloc, Juillac, Laas, Labarthète, Labéjan, Ladevèze-Rivière, Ladevèze-Ville, Lagarde-Hachan, Laguian-Mazous, Lalanne-Arqué, Lamazère, Lannux, Lasserrade, Laveraët, Lelin-Lapujolle, Loubersan, Lourties-Monbrun, Malabat, Manas-Bastanous, Manent-Montané, Marciac, Marseillan, Masseube, Maulichères, Maumusson-Laguian, Miélan, Miramont-d'Astarac, Mirande, Moncassin, Monlaur-Bernet, Monlezun, Monpardiac, Mont-d'Astarac, Mont-de-Marrast, Montaut, Montégut-Arros, Monties, Pallanne, Panassac, Plaisance, Ponsampère, Ponsan-Soubiran, Préchac-sur-Adour, Projan, Ricourt, Riscle, Sadeillan, Saint-Arroman, Saint-Aunix-Lengros, Saint-Élix-Theux, Saint-Germé, Saint-Justin, Saint-Martin-Gimois, Saint-Maur, Saint-Médard, Saint-Michel, Saint-Mont, Saint-Ost, Sainte-Aurence-Cazaux, Sainte-Dode, Samaran, Sarraguzan, Sauviac, Scieurac-et-Flourès, Ségos, Sembouès, Sère, Tarsac, Tasque, Tieste-Uragnoux, Tillac, Tourdun, Troncens, Vergoignan, Verlus, Viella, Villecomtal-sur-Arros agus Viozan.

— Roinn Pyrénées-Atlantiques (82 bhardas):

Aast, Angaïs, Anoye, Arricau-Bordes, Arros-de-Nay, Arrosès, Arthez-d'Asson, Asson, Aurions-Idernes, Baleix, Baliros, Barzun, Bassillon-Vauzé, Baudreix, Bédeille, Bénéjacq, Bentayou-Sérée, Bétracq, Beuste, Boeil-Bezing, Bordères, Bordes, Bourdettes, Bruges-Capbis-Mifaget, Cadillon, Casteide-Doat, Castéra-Loubix, Castillon (Canton de Lembeye), Coarraze, Corbère-Abères, Coslédaà-Lube-Boast, Crouseilles, Escurès, Espoey, Gayon, Ger, Gerderest, Gomer, Haut-de-Bosdarros, Hours, Igon, Labatmale, Labatut-Figuières, Lagos, Lalongue, Lamayou, Lannecaube, Lasserre, Lembeye, Lespielle, Lestelle-Bétharram, Limendous, Livron, Lourenties, Luc-Armau, Lucarré, Lucgarier, Lussagnet-Lusson, Maspie-Lalonquère-Juillacq, Maure, Mirepeix, Momy, Monassut-Audiracq, Moncaup, Monpezat, Monségur, Montaner, Montaut, Nay, Pardies-Piétat, Peyrelongue-Abos, Ponson-Debat-Pouts, Ponson-Dessus, Pontacq, Pontiacq-Viellepinte, Saint-Abit, Saint-Vincent, Samsons-Lion, Sedze-Maubecq, Séméacq-Blachon, Simacourbe agus Soumoulou.

— Roinn Hautes-Pyrénées (398 mbardas):

Adast, Adé, Agos-Vidalos, Allier, Andrest, Anères, (Les) Angles, Angos, Anla, Ansost, Antichan, Antin, Antist, Arcizac-Adour, Arcizac-ez-Angles, Arcizans-Avant, Argelès-Bagnères, Argelès-Gazost, Aries-Espénan, Arné, Arrayou-Lahitte, Arrodets, Arrodets-ez-Angles, Artagnan, Artalens-Souin, Artiguemy, Artigues, Aspin-en-Lavedan, Asque, Asté, Astugue, Aubarède, Aureilhan, Aurensan, Auriébat, Aventignan, Averan, Aveux, Avezac-Prat-Lahitte, Ayros-Arbouix, Ayzac-Ost, Azereix, Bagnères-de-Bigorre, Banios, Barbachen, Barbazan-Debat, Barbazan-Dessus, Barlest, Barry, Barthe, (La) Barthe-de-Neste, Bartrès, Batsère, Bazet, Bazillac, Bazordan, Bazus-Neste, Beaucens, Beaudéan, Bégole, Bénac, Benqué-Molère, Berbérust-Lias, Bernac-Debat, Bernac-Dessus, Bernadets-Debat, Bernadets-Dessus, Bertren, Betbèze, Betpouy, Bettes, Bize, Bizous, Bonnefont, Bonnemazon, Bonrepos, Boô-Silhen, Bordères-sur-l'Échez, Bordes, Bouilh-Devant, Bouilh-Péreuilh, Boulin, Bourg-de-Bigorre, Bourréac, Bours, Bramevaque, Bugard, Bulan, Burg, Buzon, Cabanac, Caharet, Caixon, Calavanté, Camalès, Campan, Campistrous, Campuzan, Cantaous, Capvern, Castelbajac, Castelnau-Magnoac, Castelnau-Rivière-Basse, Castelvieilh, Castéra-Lanusse, Castéra-Lou, Casterets, Castillon, Caubous, Caussade-Rivière, Cauterets, Cazarilh, Chelle-Debat, Chelle-Spou, Cheust, Chis, Cieutat, Cizos, Clarac, Clarens, Collongues, Coussan, Créchets, Devèze, Dours, Esbareich, Escala, Escaunets, Escondeaux, Esconnets, Escots, Escoubès-Pouts, Esparros, Espèche, Espieilh, Estampures, Estirac, Ferrère, Fontrailles, Fréchède, Fréchendets, Fréchou-Fréchet, Galan, Galez, Gardères, Gaudent, Gaussan, Gayan, Gazave, Gazost, Gembrie, Générest, Gensac, Ger, Gerde, Germs-sur-l'Oussouet, Geu, Gez, Gez-ez-Angles, Gonez, Goudon, Gourgue, Guizerix, Hachan, Hagedet, Hauban, Hautaget, Hèches, Hères, Hibarette, Hiis, Hitte, Horgues, Houeydets, Hourc, Ibos, Ilheu, Izaourt, Izaux, Jacque, Jarret, Juillan, Julos, Juncalas, Labassère, Labastide, Labatut-Rivière, Laborde, Lacassagne, Lafitole, Lagarde, Lagrange, Lahitte-Toupière, Lalanne, Lalanne-Trie, Laloubère, Lamarque-Pontacq, Lamarque-Rustaing, Laméac, Lanespède, Lanne, Lannemezan, Lansac, Lapeyre, Laran, Larreule, Larroque, Lascazères, Laslades, Lassales, Lau-Balagnas, Layrisse, Lescurry, Lespouey, Lézignan, Lhez, Liac, Libaros, Lies, Lizos, Lombrès, Lomné, Lortet, Loubajac, Loucrup, Louey, Louit, Lourdes, Loures-Barousse, Lubret-Saint-Luc, Luby-Betmont, Luc, Lugagnan, Luquet, Lustar, Lutilhous, Madiran, Mansan, Marquerie, Marsac, Marsas, Marseillan, Mascaras, Maubourguet, Mauléon-Barousse, Mauvezin, Mazères-de-Neste, Mazerolles, Mazouau, Mérilheu, Mingot, Momères, Monfaucon, Monléon-Magnoac, Monlong, Montastruc, Montégut, Montgaillard, Montignac, Montoussé, Montsérié, Moulédous, Moumoulous, Mun, Nestier, Neuilh, Nistos, Nouilhan, Odos, Oléac-Debat, Oléac-Dessus, Omex, Ordizan, Organ, Orieux, Orignac, Orincles, Orleix, Oroix, Osmets, Ossen, Ossun, Ossun-ez-Angles, Oueilloux, Ourde, Ourdis-Cotdoussan, Ourdon, Oursbelille, Ousté, Ouzous, Ozon, Paréac, Péré, Peyraube, Peyret-Saint-André, Peyriguère, Peyrouse, Peyrun, Pierrefitte-Nestalas, Pinas, Pintac, Poueyferré, Poumarous, Pouy, Pouyastruc, Pouzac, Préchac, Pujo, Puntous, Puydarrieux, Rabastens-de-Bigorre, Recurt, Réjaumont, Ricaud, Sabalos, Sabarros, Sacoué, Sadournin, Saint-Arroman, Saint-Créac, Saint-Lanne, Saint-Laurent-de-Neste, Saint-Lézer, Saint-Martin, Saint-Pastous, Saint-Paul, Saint-Pé-de-Bigorre, Saint-Savin, Saint-Sever-de-Rustan, Sainte-Marie, Saléchan, Salles, Salles-Adour, Samuran, Sanous, Sariac-Magnoac, Sarlabous, Sarniguet, Sarp, Sarriac-Bigorre, Sarrouilles, Sauveterre, Ségalas, Ségus, Seich, Séméac, Sénac, Sentous, Sère-en-Lavedan, Sère-Lanso, Sère-Rustaing, Séron, Siarrouy, Sinzos, Siradan, Sombrun, Soréac, Sost, Soublecause, Soues, Soulom, Souyeaux, Tajan, Talazac, Tarasteix, Tarbes, Thèbe, Thermes-Magnoac, Thuy, Tibiran-Jaunac, Tilhouse, Tostat, Tournay, Tournous-Darré, Tournous-Devant, Trébons, Trie-sur-Baïse, Troubat, Trouley-Labarthe, Tuzaguet, Uglas, Ugnouas, Uz, Uzer, Vic-en-Bigorre, Vidou, Vidouze, Vielle-Adour, Vier-Bordes, Vieuzos, Viger, Villefranque, Villelongue, Villembits, Villemur, Villenave-près-Béarn, Villenave-près-Marsac agus Visker.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☑ Cáil

☐ Cáilíocht áirithe

☑ Saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Tá an nasc leis an limistéar geografach bunaithe ar cháil agus ar shaintréithe sonracha 'Haricot Tarbais'. Ina measc sin, áirítear seinge an chraicinn agus dath na ngráinní a thagann as tosca nádúrtha agus daonna atá ann sa limistéar geografach.

Is planda dreaptha é 'Haricot Tarbais' a tháirgeann líon mór craobhacha agus duilliúr sómasach, agus is féidir leis a bheith os cionn 2 mhéadar ar airde. Maireann an timthriall fáis thart ar 5 mhí. Tarlaíonn bláthú ina chéimeanna thar 2 mhí: ón 15 Iúil go dtí an 15 Meán Fómhair. Éilíonn na saintréithe áirithe sin dálaí sonracha comhshaoil (ithir, aeráid) agus modh fáis oiriúnach.

Tá aeráid an limistéir gheografaigh cothrom idir aeráid mhuirí Bhá na Bioscáine agus aeráid ilchríochach limistéar Toulouse, a thagann faoi thionchar a shuímh i mbunchnoic na bPiréiní agus atá rite le héifeachtaí Ardbhrú na nAsór. Léiríonn an méid sin an ról agus an tábhacht atá ag an aeráid i ndáil leis an nglasra sin lena mbaineann fás bríomhar fásúil.

Tá ról tábhachtach ag comhdhéanamh ithreach i ndáil le táirgeadh 'Haricot Tarbais'. Bíonn na hithreacha a choinnítear go traidisiúnta chun 'Haricot Tarbais' a fhás dúrabhánach, measartha aigéadach, clochach, sláintiúil, bíonn cuid mhaith húmais iontu agus bíonn siad íseal ó thaobh cré de. Ciallaíonn sé sin go dtairbhíonn na plandaí de theas ó na méaróga a iompraítear anuas le sruthanna sléibhe na bPiréiní. Stórálann na méaróga teas an lae agus scaoileann siad i rith na hoíche é. Ina theannta sin, is é a thagann as cion ard ábhair orgánaigh an iomarca nítrigine a bheith á scaoileadh. In éineacht leis an iomarca uisce atá ar fáil, spreagann sé sin fás fásúil bríomhar, rud a théann chun dochair do tháirgeadh faighneog.

Tráth an tsíolchuir, san earrach, is beag an riosca atá ann go mbeidh sioc dhéanach ann sa limistéar táirgeachta, éiríonn na hithreacha te go tapa agus, an tráth céanna, soláthraíonn siad acmhainneacht draenála leordhóthanach. I bhfianaise an fhuinnimh theoranta a bhaineann le teacht chun cinn, ní mór teocht na hithreach a bheith sa raon ó 15 °C go 17 °C ar a laghad ar an dromchla agus taise leordhóthanach a bheith ann, ach gan í a bheith iomarcach.

Le linn na tréimhse fáis, bíonn an fréamhchóras lag i gcomparáid leis an duilliúr bríomhar. Ina theannta sin, tá sé an-íogair i leith strus maidir le huisce.

Tá ithreacha ann sa limistéar táirgeachta ar ithreacha iad a thriomaíonn go tapa ach a bhfuil acmhainneacht coinneála mhaith acu freisin. Bíonn frasaíocht ann go tráthrialta, agus tarlaíonn stoirmeacha beagnach gach lá le linn an tséasúir fáis. Tá na dálaí sin oiriúnach go foirfe agus go nádúrtha chun go bhforbróidh an barr sin i gceart.

Le linn na tréimhse céanna sin, tá roinnt ceanglais measartha dian ag 'Haricot Tarbais' maidir le teocht. Nuair a thiteann teochtaí, cuireann sé moill ar an timthriall fáis (+15 °C, scoireann fás fásúil), agus bíonn teochtaí arda (+30 °C) ina gcúis le titim na mbláthanna agus teipeann ar na faighneoga. Ligeann raonta teoranta teochta an limistéir gheografaigh do 'Haricot Tarbais' forbairt sna dálaí cearta.

Ag deireadh an timthrialla, is é sin, Meán Fómhair/Deireadh Fómhair, soláthraíonn an aeráid tréimhsí fada ar lena linn a bhíonn na teochtaí cineálta, go háirithe amach sa séasúr (éifeacht *foehn*), mar aon le frasaíocht íseal. Cuireann na himthosca fabhracha sin ar a gcumas do na faighneoga aibiú go hiomlán ar na plandaí agus cuireann siad cosc ar fhorbairt galar amhail botraíteas agus spotaí dubha, ar galair iad is cúis le lobhadh agus le gráin mhillte.

I gcás na bpónairí úra, ní mór buaint de láimh a dhéanamh ina céimeanna.

Déantar 'Haricot Tarbais' a threorú ar ghais arbhair Indiaigh nó ar líonta. Is é an gas arbhair Indiaigh an taca traidisiúnta don bharr sin. Is cleachtas níos déanaí é líon a úsáid mar thaca. Mar gheall ar an spás a fhágtar idir na sraitheanna agus mar gheall ar an dlús, is féidir nochtadh maith do sholas na gréine a bheith ann. Spreagann na cleachtais fáis sin nochtadh do sholas na gréine agus ligtear aer chomh fada leis na plandaí, rud a chruthaíonn na dálaí is fearr do shláinte plandaí, do tháirgiúlacht agus d'aibiú iomlán faighneog.

Allmhairíodh na pónairí sa 16ú haois agus baineann siad leis an bhfine *Phaseolus vulgaris*. Plandaíodh iad ar mhachaire Tarbes ag tús an 18ú haois, an tráth céanna a phlandaigh Monseigneur de Poudens, Easpag Tarbes, grán buí, mar réiteach ar thréimhse ina raibh ganntanas bia.

Is planda dreaptha é an phónaire, agus ghníomhaigh an t-arbhar Indiach mar thaca. Plandaíodh an dá phlanda in éineacht ar fud mhachaire Tarbes. D'éirigh sé soiléir go tapa go raibh Bigorre an-oiriúnach don chineál sin, tháinig margadh Tarbes chun bheith ina phríomh-mhargadh don chineál sin pónaire. Chuidigh mórdhíoltóirí a tháinig chun an phónaire a cheannach lena hathdhíol lena cáil a fhorbairt. De réir a chéile, cuireadh 'Haricot Tarbais' in ionad an ainm 'Haricot de Tarbes'.

Ó dheireadh an 18ú haois, tháinig méadú ar an líon teistiméireachtaí maidir le tábhacht fháschoillte Haricot Tarbais agus maidir leis na teicnící fáis a bhí á n-úsáid. Sa mhórthaifead staidrimh de 'Bliain 9' le haghaidh roinn Hautes-Pyrénées, deir Laloulinière go bhfástaí é ar thalamh oscailte, agus go raibh an-tóir ar na pónairí a tháirgtí i ngleann Bagnères-de-Bigorre agus go seoltaí go Haute-Garonne iad. In 1813, léirigh Dralet an bharúil chéanna maidir le gleannta an Adour agus Argelès-Gazost. 14 000 ha a bhí sa limistéar ina raibh pónairí agus arbhar Indiach le chéile in 1838 agus 18 500 ha a bhí ann in 1881.

Tháinig laghdú ar an táirgeadh, ach ba í an phónaire an t-aon bharr onnmhairiúcháin i gcónaí mar aon le farae. In 1923, bhí thart ar 11 500 ha fós á úsáid chun an glasra léagúmach sin a fhás, ar glasra é a chumhdaigh 9,2 % den talamh arúil. Go dtí na 1950í, dhíoltaí 'Haricot Tarbais' ar an margadh i málaí 80 kg. Sheoltaí ansin é chuig réigiúin agus tíortha eile, go háirithe Bordeaux agus an Ailgéir. I dtreo dheireadh na 1950í, cuireadh arbhar Indiach hibrideach in ionad an arbhair Indiaigh a bhí á fhás sa Fhrainc, agus tháinig laghdú géar mar gheall ar thabhairt isteach luibhicídí neamhroghnaitheacha, nár spáráil na pónairí. Dá bhrí sin, ní luaitear i Móráirimh na nGabháltas Talmhaíochta (RGA) 1970 agus 1980 ach 55 ha a bheith dáilte ar 650 gabháltas. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéantar Haricots Tarbais a fhástar i ngairdíní baile a chur san áireamh i staidreamh oifigiúil. I réigiún Tarbes, bhí ceithre nó cúig sraith Haricot Tarbais ag beagnach gach gairdín i gcónaí.

Ba sna 1980í a chuir earnáil 'Haricot Tarbais' tús le heagrú a dhéanamh. Cruthaíodh aontas táirgeoirí agus comharchumann, a bhí bunaithe ar ghrúpa feirmeoirí agus le tacaíocht ón gComhlachas Talmhaíochta. Bhí an dá chomhlacht sin mar bhonn ansin chun Comhlachas Idirghairmiúil 'Haricots Tarbais' a chruthú.

Ar dtús, ní raibh ach ionad measarthach ag an bpónaire sa chócaireacht uaslathach agus bhuirgéiseach. Bhí sé mar chuid d'aiste bia bhunúsach na dtuathánach agus na n-oibrithe. Le linn tréimhsí buailte, rinneadh é a chócaráil i stobhaigh chaoireola, agus le linn na buainte rinneadh é a chócaráil in éineacht le crúibíní muc saillte. Le linn na 1960í, bhí tionchar ag ábhair imní cothaithe ar nósanna itheacháin, agus rinneadh ról na bpiseánach triomaithe i gcoitinne, agus ról 'Haricot Tarbais' go háirithe, a chúngú go mór. In iardheisceart na Fraince, bhí an staid difriúil toisc go raibh an phónaire ina cuid de chineálacha áitiúla éagsúla *cassoulet*: ó Castelnaudary, Toulouse agus Carcassonne. D'fhan tomhaltas pónairí cobhsaí. Chuidigh forbairtí éagsúla le híomhá dhearfach 'Haricot Tarbais' a athbheochan. Mar gheall ar an gcleachtas a bhí ann é a dhíol leath-thriomaithe, breathnaíodh air mar ghlasra seachas mar fhoinse carbaihiodráite. Bhí tionchar comhchosúil ag na cleachtais steiriliúcháin agus reoite trí rannchuidiú lena chaomhnú agus lena iompar. Tharla filleadh ceart 'Haricot Tarbais' ar an ngastranamaíocht a bhuí le forbairt 'confit de volailles grasses', ar cineál *pâté* géim é a riartar go minic mar mhias cheiliúrtha. Tá sé le fáil in 'moutonades', ar miasa iad atá bunaithe ar ghearrthóga uaineola, agus ar ceiliúrthaí traidisiúnta eile a mheallann muintir cathracha agus turasóirí atá ag lorg a bhfréamhacha tuathánaigh.

Is iad seo a leanas saintréithe 'Haricot Tarbais':

— dath idir bán agus dath an uachtair sa ghrán;

— cuma dhuánach;

— uigeacht de chraiceann seang.

Bíonn dath sainiúil idir bán agus dath an uachtair agus cuma dhuánach ar na cineálacha roghnaithe 'Haricot Tarbais'. Ceann de shaintréithe sonracha 'Haricot Tarbais' is ea an craiceann seang. Léiríodh an tsaintréith sin go soiléir le staidéar fisiceach ar struchtúir ghráin 'Haricot Tarbais', inar úsáideadh leictreonmhicreascóp scanacháin. Léiríonn an staidéar sin, a rinneadh in Ard-Scoil Náisiúnta na Ceimice in Toulouse (ENSCT), go bhfuil an síolchóta 100 µm ar tiús comhdhéanta de shraith dhúbailte ceall, atá scartha go soiléir ó na cotailéadóin, arb iad an phríomhchuid den ghrán iad, agus iad comhdhéanta de ghráinní stáirse atá leabaithe i struchtúr aimilipeictin. Sainítear an deighilt go soiléir le sraith thrasdultach lannógach sheang a bhfuil sé d'acmhainn aici, le linn cóireála teasa, ligean do na cotailéadóin fholuiteacha scaradh go héasca ón síolchóta mar fhreagairt ar bhrú meicniúil réidh.

Leis an síolchóta, is féidir gás a mhalartú agus leachtanna a scaipeadh leis an timpeallacht sheachtrach, go háirithe le linn an phróisis atá mar chuid d'ullmhúcháin chócaireachta. Ní bhíonn sé réidh ná rialta ar chor ar bith. Tá an uigeacht dromchla ilchineálach sin, ar cheart di a bheith soiléir go héasca maidir leis an teagmháil, nasctha le cinéitic agus déine an phróisis triomaithe, atá nasctha ina dhiaidh sin le haeráid shonrach an limistéir gheografaigh agus leis an modh buainte. Go deimhin, bíonn tréimhsí fada ann go luath san fhómhar, ó Mheán Fómhair go Deireadh Fómhair ar lena linn a bhíonn teochtaí séimhe (éifeacht *foehn*) agus bíonn frasaíocht theoranta ann. Fágann sé sin gur féidir na pónairí a aibiú ar an mbealach is fearr. I gcás na bpónairí úra, neartaíonn buaint de láimh i gcéimeanna an tsaintréith sin.

Thairis sin, bíonn tionchar ag comhdhéanamh na hithreach freisin ar uigeacht shaintréitheach chraiceann 'Haricot Tarbais'. Táirgeann ithreacha ina bhfuil an iomarca cré pónairí a mbíonn craiceann níos tibhe acu agus ina mbíonn uigeacht níos plúraí. Is é cumas an tsíolchóta sheang sin leathnú a dhéanamh atá mar bhonn taca leis na saintréithe sin, é sin agus chomh héasca atá sé don síolchóta sin scoitheadh ó shraith aistrithe na gcotailéadón foluiteach. Dá bhrí sin, is gnáth-tháirge é 'Haricot Tarbais' i dtéarmaí struchtúracha, cócaireachta agus blais. Ní féidir leis forbairt ach amháin i ndálaí ithreach agus aeráide a limistéir thraidisiúnta táirgeachta.

Tá 'Haricot Tarbais' tagtha chun bheith ina shiombail de ghastranómachas na Fraince, mar is ceart. Cé go raibh cáil mhór riamh ar 'Haricot Tarbais' ina limistéar táirgeachta stairiúil féin, tá an cháil sin tar éis scaipeadh i bhfad thar na teorainneacha sin anois. Go deimhin, a bhuí leis na meáin, tá cáil ar 'Haricot Tarbais' go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Bhí sé ina ábhar do chláir chócaireachta a taispeánadh ar Canal+ (in 1993). Tá fianaise shaineolach ann ó leithéidí na bpríomhchócairí Alain Dutournier agus Michel Sarran agus ó na daoine cáiliúla Pierre Perret (1986) agus Jean-Pierre Coffe (1993). Bhí líon mór alt ann sa phreas réigiúnach agus náisiúnta freisin, lena n-áirítear *Le Monde* agus *Cuisine Actuelle*. Deimhníonn sé sin ar fad gur cuid lárnach é 'Haricot Tarbais' de ghastranamaíocht Bigorre agus de thraidisiúin chócaireachta na Fraince. Tá roinnt iriseoirí Seapánacha, ó iris *FRAU*, tagtha ar an eolas faoi shaol 'Haricot Tarbais' freisin.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-27b30ae2-a8d8-448e-82ed-72b5918322ac